Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2014/0255(COD)**

**13914/1/18**
**REV 1 ADD 1**

**CODEC 1896**
**AGRILEG 187**
**VETER 77**
**PHARM 52**
**MI 796**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábhar beathúcháin íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/167/CEE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráiteas |

**Ráiteas ón Ostair**

D'fhonn cuspóir an Rialacháin a bhaint amach, arb é ardleibhéal cosanta ar shláinte an duine a áirithiú, ba mhaith leis an Ostair aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas:

Níor cheart an deis a bheith ann táirgí íocshláinte tréidliachta a úsáid tríd an gcainéal beatha ach amháin nuair a bhíonn gá sonrach leis (*i.e.* i gcás breoiteachta).

Ar mhaithe le leasa na coimhdeachta, i gcomhréir leis an Rialachán nua maidir le hábhar beathúcháin íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, ba cheart go bhféadfaí córais rialaithe náisiúnta sheanbhunaithe a choinneáil chun ábhar beathúcháin íocleasaithe a úsáid go díreach ar an bhfeirm, mar a dhéantar faoi láthair san Ostair ag meascthóirí cláraithe ar an bhfeirm.

Chun riachtanais speisialta na talmhaíochta ar scála beag, lena n-áirítear feirmeacha teaghlaigh den chuid is mó, a thabhairt san áireamh, ní mór na ceanglais maidir le monarú ábhair beathúcháin íocleasaithe a chur chun feidhme ar bhealach a bheadh indéanta agus praiticiúil ag meascthóirí ar an bhfeirm. Is cleachtas dea-bhunaithe san Ostair é feirmeoirí oilte ag monarú agus ag tabhairt ábhair beathúcháin íocleasaithe faoi mhaoirseacht tréidlia, lena laghdaítear a lán rioscaí, ós rud é go n-úsáidtear na táirgí íocshláinte san áit agus sa mhéid a bhfuil fíorghá leo.